Eagrán Speisialta *

22 Nollaig 2020

# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

An t-eagrán Gaeilge

## Faisnéis agus Fógraí

Clár

IV *Fógraí*

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**An Chomhairle**

Cinneadh (AE) ón gComhairle an 18 Nollaig 2020 lena gceaptar Cathaoirleach an Bhoird Chomhairligh um Rialachas Staidrimh Eorpach ..... 1

Cinneadh ón gComhairle an 18 Nollaig 2020 lena gceaptar beirt chomhaltaí den Bhord Chomhairleach um Rialachas Staidrimh Eorpach ..... 3

GA

* Faoin tagairt C 445 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

IV

*(Fógraí)*

# FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# AN CHOMHAIRLE

## CINNEADH (AE) ÓN gCOMHAIRLE

**an 18 Nollaig 2020**

**lena gceaptar Cathaoirleach an Bhoird Chomhairligh um Rialachas Staidrimh Eorpach**

(2020/C 445/01)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh (CE) Uimh. 235/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 lena mbunaítear an Bord Comhairleach um Rialachas Staidrimh Eorpach ([1]), agus go háirithe Airteagal 3 de,

Ag féachaint don tuairim ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don fhormheas ó Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Lena Cinneadh 2017/C 439 an 18 Nollaig 2017 ([2]), cheap an Chomhairle Enrico GIOVANNINI mar Chathaoirleach ar an mBord Comhairleach um Rialachas Staidrimh Eorpach ar feadh tréimhse trí bliana ón 1 Feabhra 2018.

(2) Rachaidh téarma oifige Enrico GIOVANNINI in éag an 31 Eanáir 2021. Tá sé riachtanach, dá bhrí sin, Cathaoirleach nua a cheapadh a rachaidh i seilbh oifige ar dhul in éag don téarma oifige sin.

(3) Luaitear in Airteagal 3(3) de Chinneadh Uimh. 235/2008/CE nach bhfuil an Cathaoirleach le bheith ina chomhalta reatha d’Oifig Staidrimh Náisiúnta ná den Choimisiún,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar Aurel SCHUBERT mar Chathaoirleach ar an mBord Comhairleach um Rialachas Staidrimh Eorpach go ceann tréimhse trí bliana ón 1 Feabhra 2021.

([1]) IO L 73, 15.3.2008, lch. 17.
([2]) Cinneadh ón gComhairle an 18 Nollaig 2017 lena gceaptar Cathaoirleach an Bhoird Chomhairligh um Rialachas Staidrimh Eorpach (IO C 439, 20.12.2017, lch. 7).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Nollaig 2020.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
M. ROTH

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an 18 Nollaig 2020**

**lena gceaptar beirt chomhaltaí den Bhord Chomhairleach um Rialachas Staidrimh Eorpach**

(2020/C 445/02)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh (CE) Uimh. 235/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 lena mbunaítear an Bord Comhairleach um Rialachas Staidrimh Eorpach ([1]), agus go háirithe Airteagal 3 de,

Ag féachaint don tuairim ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Lena Cinneadh an 18 Nollaig 2017 ([2]), cheap an Chomhairle triúr comhaltaí den Bhord Comhairleach um Rialachas Staidrimh Eorpach (an "Bord") le haghaidh téarma oifige 3 bliana ón 1 Feabhra 2018.

(2) Tar éis do chomhalta amháin éirí as oifig roimh dheireadh a théarma oifige, rinne an Chomhairle, trí bhíthin Cinneadh an 19 Nollaig 2019 ([3]), comhalta nua den Bhord a cheapadh ar feadh téarma oifige 3 bliana.

(3) Rachaidh téarma oifige beirt chomhaltaí a ceapadh le Cinneadh an 18 Nollaig 2017 in éag an 31 Eanáir 2021. Tá sé riachtanach, dá bhrí sin, beirt chomhaltaí nua den Bhord a cheapadh a rachaidh i seilbh oifige ar dhul in éag dá dtéarmaí oifige sin.

(4) Luaitear in Airteagal 3(2) de Chinneadh Uimh. 235/2008/CE go bhfuil comhaltaí an Bhoird le roghnú as measc saineolaithe a mbeidh sár-inniúlacht acu i réimse an staidrimh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar na daoine seo a leanas ina gcomhaltaí a dhéanfaidh ionadaíocht thar ceann na Comhairle ar an mBord Comhairleach um Rialachas Staidrimh Eorpach go ceann tréimhse 3 bliana ón 1 Feabhra 2021:

— An tUasal Bart DE MOOR; agus

— An tUasal Jørgen ELMESKOV.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 73, 15.3.2008, lch. 17.
([2]) Cinneadh ón gComhairle an 18 Nollaig 2017 lena gceaptar triúr comhaltaí den Bhord Comhairleach um Rialachas Staidrimh Eorpach (IO C 439, 20.12.2017, lch. 5).
([3]) Cinneadh ón gComhairle an 19 Nollaig 2019 lena gceaptar comhalta den Bhord Comhairleach um Rialachas Staidrimh (IO C 428, 20.12.2019, lch. 5).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Nollaig 2020.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
M. ROTH

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA